Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0297

Faisnéis staidrimh á bailiú ag an mBanc Ceannais Eorpach

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Samhain 2025 ar an dréachtrialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 maidir le faisnéis staidrimh a bheith á bailiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (09737/2025 – C10-0118/2025 – 2025/0806(CNS))

(Comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach (09737/2025 – BCE/2025/17),

– ag féachaint d'Airteagal 129(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagail 5.4 agus 41 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle lei Parlaimint na hEorpa (C10-0118/2025),

– ag féachaint do Riail 84 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0222/2025),

1. ag formheas an dréachta a mholtar sa mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach arna leasú;

2. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís má tá sé ar intinn aici an dréacht a mholtar sa mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach agus chuig an

gCoimisiún..

Leasú 1

Dréacht-rialachán
Aithris 1

Dréacht ón mBanc Ceannais Eorpach	*Leasú*
(1) Tá Rialachán (CE) Uimh. 2533/98[1] ón gComhairle ina phríomhghné den chreat dlíthiúil a thacaíonn le cúraimí bailithe staidrimh an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) le cúnamh ó na bainc cheannais náisiúnta. Bhí BCE ag brath go comhsheasmhach ar an Rialachán sin chun ***bailiú comhordaithe na faisnéise staidrimh is gá chun tabhairt faoi chúraimí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) a dhéanamh agus faireachán a dhéanamh air***.	(1) Tá Rialachán (CE) Uimh. 2533/98[1] ón gComhairle ina phríomhghné den chreat dlíthiúil a thacaíonn le cúraimí bailithe staidrimh an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) le cúnamh ó na bainc cheannais náisiúnta. ***Agus bailiú comhordaithe na faisnéise staidrimh is gá á dhéanamh agus faireachán á dhéanamh air,*** bhí BCE ag brath go comhsheasmhach ar an Rialachán sin chun ***a chuspóirí*** a chomhlíonadh ***ar bhealach níos éifeachtúla*** agus chun a chúraimí a chur i gcrích ***mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Reacht agus chun freagairt níos fearr a thabhairt ar na dúshláin ghéara agus ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn***.
[1] Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le faisnéis staidrimh do bhailiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (IO L 318, 27.11.1998, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1998/2533/oj).	[1] Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le faisnéis staidrimh do bhailiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (IO L 318, 27.11.1998, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1998/2533/oj).

Leasú 2

Dréacht-rialachán
Aithris 3

Dréacht ón mBanc Ceannais Eorpach	*Leasú*
(3) Leis an gclaochlú digiteach, tugadh isteach deiseanna radacacha nua chun teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú, ní hamháin i ngnólachtaí, ach i soláthar seirbhísí poiblí freisin. Chruthaigh sé timpeallacht gan fasach le riachtanais nua le haghaidh staidrimh chun tabhairt faoi chúraimí CEBC agus féidearthachtaí nua chun sonraí gráinneacha a bhailiú ar bhealach níos éifeachtúla. Thairis sin, leis na forbairtí eacnamaíocha agus airgeadais a tharla le déanaí amhail an éigeandáil aeráide, paindéim COVID-19 agus an ghéarchéim fuinnimh agus costais mhaireachtála a spreag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, méadaíodh na héilimh agus na hionchais maidir le staidreamh níos tráthúla, níos minice agus níos mionsonraithe a theastaíonn chun tacú le feidhmiú chúraimí CEBC. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir na héilimh agus na hionchais sin agus an gá atá ann an t-ualach a chuirtear ar na gníomhairí tuairiscithe nua a choinneáil chomh híseal agus is féidir, ós rud é gur coinníollacha riachtanacha iad an t-iomaíochas agus an táirgiúlacht chun go mbeidh rath ar ghnólachtaí. Ar an gcúis sin, tá sé tábhachtach an creat dlíthiúil a oiriúnú chun tacú le prionsabal na haonuaire i ndáil le tuairisciú staidrimh agus rialála nuair is	(3) Leis an gclaochlú digiteach, tugadh isteach deiseanna radacacha nua chun teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú, ní hamháin i ngnólachtaí, ach i soláthar seirbhísí poiblí freisin. Chruthaigh sé timpeallacht gan fasach le riachtanais nua le haghaidh staidrimh chun tabhairt faoi chúraimí CEBC agus féidearthachtaí nua chun sonraí gráinneacha a bhailiú ar bhealach níos éifeachtúla. Thairis sin, leis na forbairtí eacnamaíocha agus airgeadais a tharla le déanaí amhail an éigeandáil aeráide, paindéim COVID-19 agus an ghéarchéim fuinnimh agus costais mhaireachtála a spreag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, méadaíodh na héilimh agus na hionchais maidir le staidreamh níos tráthúla, níos minice agus níos mionsonraithe a theastaíonn chun tacú le feidhmiú chúraimí CEBC. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir na héilimh agus na hionchais sin agus an gá atá ann an t-ualach a chuirtear ar na gníomhairí tuairiscithe a choinneáil chomh híseal agus is féidir, ós rud é gur coinníollacha riachtanacha iad an t-iomaíochas agus an táirgiúlacht chun go mbeidh rath ar ghnólachtaí. Ar an gcúis sin, tá sé tábhachtach an creat dlíthiúil a oiriúnú chun tacú le prionsabal na haonuaire i ndáil le tuairisciú staidrimh agus rialála nuair is

féidir chun a áirithiú nach mbeidh ar ghníomhairí tuairiscithe na sonraí céanna a thuairisciú níos mó ná uair amháin. Ba cheart do na hoiriúnuithe sin aird a thabhairt ar neamhspleáchas BCE agus ar na prionsabail staidrimh a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2533/98.	féidir chun a áirithiú nach mbeidh ar ghníomhairí tuairiscithe na sonraí céanna a thuairisciú níos mó ná uair amháin. ***Sa chomhthéacs sin agus i bhfianaise na hacmhainneachta a bhaineann leis an digitiú, ba cheart do BCE féachaint a thuilleadh ar uirlisí lena mbaintear leas as an digitiú chun próisis bailithe sonraí a chuíchóiriú agus chun ualach na gcúraimí a dhéanann CEBC agus gníomhairí tuairiscithe a laghdú. Ba cheart do BCE leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar na deiseanna agus ar na dúshláin a eascraíonn as úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha nua chun faisnéis staidrimh a bhailiú agus ba cheart dó moladh nua a dhéanamh chun an Rialachán seo a leasú dá réir i gcás ina gcinnfidh sé ina mheasúnú go bhfuil gá leis sin.*** Ba cheart do na hoiriúnuithe sin aird a thabhairt ar neamhspleáchas BCE agus ar na prionsabail staidrimh a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2533/98.
Leasú 3	
Dréacht-rialachán **Aithris 3 a (nua)**	
Dréacht ón mBanc Ceannais Eorpach	*Leasú*
	(3a) Chun stóinseacht agus ábharthacht a uirlisí anailíseacha a áirithiú, agus i gcomhréir lena phríomh-shainordú maidir le cobhsaíocht praghsanna, arna

chomhlánú lena chuspóirí tánaisteacha maidir le tacú leis na beartais eacnamaíocha ghinearálta san Aontas, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le breithnithe comhshaoil agus inbhuanaitheachta, ba cheart do BCE leanúint d'fheabhas a chur ar a chreat staidrimh chun dúshláin eacnamaíocha agus struchtúracha atá ag teacht chun cinn a léiriú.

Leasú 4

Dréacht-rialachán
Aithris 3 b (nua)

Dréacht ón mBanc Ceannais Eorpach	*Leasú*
	(3b) Le húsáid na hintleachta saorga, cuirtear deiseanna ar fáil chun éifeachtúlacht, cruinneas agus tráthúlacht bhailiú agus phróiseáil na sonraí a fheabhsú. Mar sin féin, tá rioscaí sonracha ag baint lena húsáid freisin a bhaineann le trédhearcacht, claontacht, slándáil, príobháideachas agus cuntasacht. Is gá, dá bhrí sin, a áirithiú go n-úsáidfear aon chórais intleachta saorga arna n-úsáid ag BCE nó ag na bainc cheannais náisiúnta i gcomhlíonadh a gcúraimí staidrimh ar bhealach freagrach, trédhearcach agus slán, lena n-áiritheofar formhaoirseacht dhaonna iomchuí agus cuntasacht iomlán, i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais agus le neamhspleáchas BCE.

Leasú 5

Dréacht-rialachán
Aithris 9

Dréacht ón mBanc Ceannais Eorpach	*Leasú*
(9) Ní foláir faisnéis staidrimh rúnda a fhaigheann BCE agus na bainc cheannais náisiúnta chun cúraimí CEBC a chomhlíonadh a chosaint ionas nach n-úsáidfear ná nach nochtfar go neamhdhleathach í. Mar sin féin, ba cheart an córas rúndachta a athbhreithniú agus a shoiléiriú chun a áirithiú go n-úsáidfidh BCE agus na bainc cheannais náisiúnta faisnéis staidrimh rúnda agus go roinnfidh siad lena chéile í chun cúraimí CEBC dá dtagraítear sa Chonradh a chomhlíonadh agus chun staidreamh a fhorbairt, a tháirgeadh nó a scaipeadh go héifeachtúil nó chun a gcáilíocht a mhéadú. Tá na hathbhreithnithe sin riachtanach chun a áirithiú go bhféadfaidh BCE an fhaisnéis a bhailiú le cúnamh ó na bainc cheannais náisiúnta i gcomhréir leis an bprionsabal ‘aon-uaire’. Thairis sin, chun an gá atá le ceanglais dhúblacha maidir le tuairisciú staidrimh agus rialála a laghdú agus chun comhar a éascú i measc údaráis agus chomhlachtaí na mBallstát agus an Aontais chun ualaí riaracháin neamhriachtanacha a laghdú, ba cheart oibleagáid a bheith ar chomhaltaí CEBC faisnéis staidrimh rúnda a roinnt le húdaráis agus comhlachtaí áirithe le haghaidh fheidhmiú a gcúraimí a bhaineann le maoirseacht stuamachta agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais, agus le comhaltaí an Chórais Staidrimh	(9) Ní foláir faisnéis staidrimh rúnda a fhaigheann BCE agus na bainc cheannais náisiúnta chun cúraimí CEBC a chomhlíonadh a chosaint ionas nach n-úsáidfear ná nach nochtfar go neamhdhleathach í. Mar sin féin, ba cheart an córas rúndachta a athbhreithniú agus a shoiléiriú chun a áirithiú go n-úsáidfidh BCE agus na bainc cheannais náisiúnta faisnéis staidrimh rúnda agus go roinnfidh siad lena chéile í chun cúraimí CEBC dá dtagraítear sa Chonradh a chomhlíonadh agus chun staidreamh a fhorbairt, a tháirgeadh nó a scaipeadh go héifeachtúil nó chun a gcáilíocht a mhéadú. Tá na hathbhreithnithe sin riachtanach chun a áirithiú go bhféadfaidh BCE an fhaisnéis a bhailiú le cúnamh ó na bainc cheannais náisiúnta i gcomhréir leis an bprionsabal ‘aon-uaire’. Thairis sin, chun an gá atá le ceanglais dhúblacha maidir le tuairisciú staidrimh agus rialála a laghdú agus chun comhar a éascú i measc údaráis agus chomhlachtaí na mBallstát agus an Aontais chun ualaí riaracháin neamhriachtanacha a laghdú, ba cheart oibleagáid a bheith ar chomhaltaí CEBC faisnéis staidrimh rúnda a roinnt le húdaráis agus comhlachtaí áirithe le haghaidh fheidhmiú a gcúraimí a bhaineann le maoirseacht stuamachta agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais, agus le comhaltaí an Chórais Staidrimh

Eorpaigh (CSE). Ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag comhaltaí CEBC faisnéis staidrimh rúnda a roinnt le húdaráis agus comhlachtaí eile de chuid na mBallstát agus an Aontais nó le taighdeoirí atá cleamhnaithe le comhlachtaí taighde eolaíoch in imthosca sonraithe. Féadfar tacar sonrach laghdaithe d'fhaisnéis staidrimh rúnda a roinnt freisin le gníomhairí tuairiscithe, i gcás inar gá chun críocha staidrimh áirithe nó i gcás ina mbeidh na foinsí ar fáil do ghníomhaire tuairiscithe, mar shampla, nuair a thuairiscíonn eintiteas atá faoi rialú gníomhaire tuairiscithe nó a bhrainsí an fhaisnéis sin. Chun muinín na ngníomhairí tuairiscithe a choinneáil, ba cheart socruithe comhsheasmhacha a bheith ann chun faisnéis staidrimh rúnda a chosaint agus ba cheart trédhearcacht fheabhsaithe a bheith ann maidir leis na húsáidí a d'fhéadfaí a bhaint as faisnéis staidrimh.

Eorpaigh (CSE). Ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag comhaltaí CEBC faisnéis staidrimh rúnda a roinnt le húdaráis agus comhlachtaí eile de chuid na mBallstát agus an Aontais nó le taighdeoirí atá cleamhnaithe le comhlachtaí taighde eolaíoch in imthosca sonraithe. Féadfar tacar sonrach laghdaithe d'fhaisnéis staidrimh rúnda a roinnt freisin le gníomhairí tuairiscithe, i gcás inar gá chun críocha staidrimh áirithe nó i gcás ina mbeidh na foinsí ar fáil do ghníomhaire tuairiscithe, mar shampla, nuair a thuairiscíonn eintiteas atá faoi rialú gníomhaire tuairiscithe nó a bhrainsí an fhaisnéis sin. Chun muinín na ngníomhairí tuairiscithe a choinneáil, ba cheart socruithe comhsheasmhacha a bheith ann chun faisnéis staidrimh rúnda a chosaint agus ba cheart trédhearcacht fheabhsaithe a bheith ann maidir leis na húsáidí a d'fhéadfaí a bhaint as faisnéis staidrimh. ***Chun taighde agus grinnscrúdú neamhspleách a chothú, ba cheart do BCE agus do na bainc cheannais náisiúnta faisnéis staidrimh rúnda ó phríomhthacair sonraí CEBC a chur ar fáil do thaighdeoirí creidiúnaithe aon uair is féidir rochtain den sórt sin a sholáthar gan riosca nochta. Cuirfidh sé sin feabhas ar úsáid anailíseach staidrimh le haghaidh ceapadh beartas fianaisebhunaithe ar fud an limistéir euro, agus rúndacht sonraí á caomhnú ag an am céanna.***

Leasú 6

Dréacht-rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe -a (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 2533/98
Airteagal 2 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. Chun ceanglais tuairiscithe staidrimh BCE a chomhall, beidh sé de cheart ag BCE, le cúnamh ó na bainc cheannais náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 5.2 den Reacht, faisnéis staidrimh a bhailiú laistigh de theorainneacha an daonra tuairiscithe tagartha agus den mhéid is gá chun cúraimí CEBC a chomhlíonadh. Féadfar faisnéis a bhailiú go háirithe i réimse an staidrimh airgeadaíochta agus airgeadais, an staidrimh nótaí bainc, an staidrimh maidir le híocaíochtaí agus córais íocaíochta, an staidrimh cobhsaíochta airgeadais, an staidrimh maidir le comhardú na n-íocaíochtaí agus an staidrimh maidir le staid infheistíochta idirnáisiúnta. Nuair is gá chun cúraimí CEBC a chomhlíonadh, féadfar faisnéis bhreise a bhailiú freisin i réimsí eile i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Déanfar an fhaisnéis a bhailítear chun ceanglais tuairiscithe staidrimh BCE a chomhlíonadh a shonrú tuilleadh i gclár oibre staidrimh CEBC.	1. Chun ceanglais tuairiscithe staidrimh BCE a chomhall, beidh sé de cheart ag BCE, le cúnamh ó na bainc cheannais náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 5.2 den Reacht, faisnéis staidrimh a bhailiú laistigh de theorainneacha an daonra tuairiscithe tagartha agus den mhéid is gá chun cúraimí CEBC a chomhlíonadh. ***Chun freagairt níos fearr a thabhairt ar na dúshláin ghéara agus ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn,*** féadfar faisnéis a bhailiú go háirithe i réimse an staidrimh airgeadaíochta agus airgeadais, an staidrimh nótaí bainc, an staidrimh maidir le híocaíochtaí agus córais íocaíochta, an staidrimh cobhsaíochta airgeadais, an staidrimh maidir le comhardú na n-íocaíochtaí***, príomhtháscairí maicreacnamaíocha*** agus an staidrimh maidir le staid infheistíochta idirnáisiúnta. Nuair is gá chun cúraimí CEBC a chomhlíonadh, féadfar faisnéis bhreise a bhailiú freisin i réimsí eile i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Déanfar an fhaisnéis a bhailítear chun ceanglais tuairiscithe staidrimh BCE a chomhlíonadh a shonrú tuilleadh i gclár oibre staidrimh CEBC.

Leasú 7

Dréacht-rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (CE) Uimh. 2533/98
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

Dréacht ón mBanc Ceannais Eorpach	*Leasú*
(a) an staidreamh atá ann cheana a úsáid a mhéid is féidir;	(a) an staidreamh atá ann cheana a úsáid a mhéid is féidir***, i gcomhréir le prionsabal na 'haonuaire', agus tacaíocht á tabhairt trí réitigh dhigiteacha, i gcás inarb iomchuí***;

Leasú 8

Dréacht-rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (CE) Uimh. 2533/98
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b a (nua)

Dréacht ón mBanc Ceannais Eorpach	*Leasú*
	(ba) tabharfaidh siad aird ar na beartais agus na cuspóirí eacnamaíocha ginearálta san Aontas, lena n-áirítear beartais aeráide agus chomhshaoil;

Leasú 9

Dréacht-rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe b a (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 2533/98
Airteagal 7 – mír 4 a (nua)

Dréacht ón mBanc Ceannais Eorpach	*Leasú*
	(ba) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:
	4a. Déanfaidh BCE na fíneálacha a leagtar amach i

mír 4 a thabhairt cothrom le dáta gach 5 bliana i gcomhréir le ráta boilscithe an limistéir euro.'

Leasú 10

Dréacht-rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (CE) Uimh. 2533/98
Airteagal 8 – mír 1 – pointe 2 – pointe b

Dréacht ón mBanc Ceannais Eorpach	*Leasú*
(b) comhroinnfidh siad faisnéis staidrimh rúnda le páirtithe dlisteanacha eile chun a gcúraimí reachtúla faoi seach a chomhlíonadh ***maidir le maoirseacht stuamachta agus*** cobhsaíocht an chórais airgeadais;	(b) comhroinnfidh siad faisnéis staidrimh rúnda le páirtithe dlisteanacha eile chun a gcúraimí reachtúla faoi seach a chomhlíonadh ***a bhaineann le*** cobhsaíocht agus éifeachtacht ***ghearrthéarmach, mheántéarmach agus fhadtéarmach*** an chórais airgeadais;

Leasú 11

Dréacht-rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (CE) Uimh. 2533/98
Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 2 – pointe e

Dréacht ón mBanc Ceannais Eorpach	*Leasú*
(e) ***féadfaidh sé*** rochtain a dheonú do thaighdeoirí atá cleamhnaithe le comhlachtaí taighde eolaíochta ar fhaisnéis rúnda staidrimh nach gceadaíonn gníomhaire tuairiscithe, nó duine dlítheanach nó nádúrtha eile, eintiteas nó brainse a shainaithint go díreach;	(e) ***déanfaidh sé creat buan a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis staidrimh rúnda a éascú*** agus a dheonú do thaighdeoirí atá cleamhnaithe le comhlachtaí taighde eolaíochta, ***lena gcumhdófar príomhthacair sonraí uile BCE,*** ar faisnéis staidrimh í nach gceadaíonn gníomhaire tuairiscithe, ná duine dlítheanach nó nádúrtha, eintiteas nó brainse eile a shainaithint go díreach;

Leasú 12

Dréacht-rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (CE) Uimh. 2533/98
Airteagal 8 – mír 1 – pointe 2 a (nua)

Dréacht ón mBanc Ceannais Eorpach	*Leasú*
	2a. Nuair a dheonaíonn comhaltaí CEBC rochtain ar fhaisnéis staidrimh rúnda sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (e) agus (g) den mhír seo, ní úsáidfidh an duine nádúrtha nó an t-eintiteas dlítheanach a fhaigheann an rochtain na sonraí sin ach amháin chun na críche arna toiliú ag comhaltaí CEBC agus, más infheidhme, ag an ngníomhaire tuairiscithe nó ag duine dlítheanach nó nádúrtha, eintiteas nó brainse eile is féidir a shainaithint. Más féidir leis an duine nádúrtha nó leis an eintiteas dlítheanach a fhaigheann rochtain ar na sonraí sin iad a stóráil, déanfar stóráil den sórt sin a dhaingniú chun aon sárú rúndachta a sheachaint. Ní dhéanfar iad a stóráil níos faide ná 3 mbliana;

Leasú 13

Dréacht-rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (CE) Uimh. 2533/98
Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 7 – pointe a

Dréacht ón mBanc Ceannais Eorpach	*Leasú*
(a) déanfaidh sé ***gach beart rialála, riaracháin, teicniúil agus eagraíochtúil is gá chun cosaint fhisiceach agus***	(a) ***úsáidfidh sé an*** fhaisnéis staidrimh rúnda ***go heisiach chun na críche ar thoiligh comhalta CEBC a***

loighciúil faisnéise staidrimh rúnda ***a áirithiú i gcomhréir leis na rialacha comhchoiteanna agus na caighdeáin íosta arna sainiú*** ag ***BCE***; agus

chomhroinneann an fhaisnéis léi agus, más infheidhme, an gníomhaire tuairiscithe nó duine dlítheanach nó nádúrtha eile, eintiteas nó brainse, is féidir a shainaithint leis an bhfaisnéis staidrimh rúnda; agus